# TEACHT ANIAR

Acmhainn Oideachas Forbartha don lar-bhunscoil

## Scrúdaigh SFI 16 trí scéalta dhá theaghlach sa tSúdáin Theas

Trócaire

# CLÁR ÁBHAIR

**EOCHAIRFHOCAIL NA HACMHAINNE & RÓL NA SMAOINTEOIREACHTA CRITICIÚLA** 3

**RÉAMHRÁ**
Treoir don oide faoi úsáid Teacht Aniar 4
Nótaí don Oide: Coinbhleacht agus An tSúdáin Theas 6

**CUID 1: SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE**
Gníomhaíocht 1: Cad iad na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha (SFI)? 9
Gníomhaíocht 2: Cén fáth gur roghnaíodh seacht gcinn déag de SFI? 9
Gníomhaíocht 3: Tabhair faisnéis faoi SFI 16 10
Bileog Oibre 1: SFI 16: Síocháin agus Cóir/Institiúidí Láidre 11
SFI 16: Spriocanna agus Táscairí 12

**CUID 2: AN TSÍOCHÁIN & AN CHOINBHLEACHT**
Gníomhaíocht 4: Dínit agus Cearta 14
Gníomhaíocht 5: Cad is Coinbhleacht ann? 15
Gníomhaíocht 6: Ag Saothrú na Síochána 15

**CUID 3: CÓIR & ÉAGÓIR**
Gníomhaíocht 7: Freagairt in Áit na Coinbhleachta 16
Gníomhaíocht 8: Luachanna a Lorgaíonn Freagairt 16
Gníomhaíocht 9: An tSúdáin Theas: Cás-staidéar 18
Bileog Oibre 2: Sórtáil na gCártaí 19
Bileog Oibre 3: Luachanna & Prionsabail 20
Bileog Oibre 4: An tSúdáin Theas: Cás-staidéar 21

**CUID 4: INSTITIÚIDÍ LÁIDRE**
Gníomhaíocht 10: Réiteach Coinbhleachta 23
Gníomhaíocht 11: Tionchar na Coinbhleachta ar Chearta 24
Gníomhaíocht 12: Comhairle Slándála NA 24
Gníomhaíocht 13: Réiteach Coinbhleachta sa tSúdáin Theas 24
Bileog Oibre 5: Cearta sa tSúdáin Theas 25
Bileog Oibre 6: Teimpléad don Díospóireacht 26
Bileog Oibre 7: Ról an Reiligiúin i Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas 27

**CUID 5: GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE 2021**
Gníomhaíocht 14: Cruthaigh do Chluiche Féin 29

Curtha ar fáil ag foireann Oideachas Forbartha Trócaire, 2021. Údar: Stephen Farley. Míle buíochas leis na hoidí a chuir leis an acmhainn agus a rinne é a thriail.

## Eochairfhocail na hAcmhainne Seo

| | |
|---|---|
| **An tSíocháin** | Saoirse ón gcogadh is ón bhforéigean. Measann Trócaire go gciallaíonn an tsíocháin gur féidir le daoine saol slán a chaitheamh agus rochtain a bheith acu ar an gcóras dlí |
| **Coinbhleacht** | Coimhlint i measc na ngrúpaí freasúracha; smaointe nó suimeanna freasúracha, easaontas nó conspóid |
| **Meon Ilréimseach** | Ciallaíonn Meon Ilréimseach gur féidir breathnú ar chás áitiúil i gcomhthéacs forleathan domhanda |
| **Ceartas** | A bheith cóir, macánta, cothromasach, seasamh le ceartas an cháis. |
| **Luachanna** | Luachanna iad na prionsabail ina gcreideann duine a spreagann an saol agus an saothar |
| **Práinnfhreagairt** | Réimse tacaíochtaí le bronnadh ar an bpobal in eachtraí éigeandála. |
| **Bunriachtanais** | Uisce, bia, sláintíocht |
| **Cosaint** | Tacú le cosaint na mban is na gcailíní agus rochtain ar sheirbhísí éigeandála. |
| **Fothain** | Fothain agus campaí a sholáthar do dhaoine díláithrithe. |
| **Cúram Leighis** | Cúram bunúsach leighis ar fáil, cúram leighis na máthar, cothú agus sláinteachas. |
| **Cúnamh Fadtéarmach** | Oideachas agus scileanna a chur ar fáil don phobal áitiúil ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe. |
| **SFI** | Tá 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nó Spriocanna Domhanda ann a bheadh mar spriocanna idircheangailte, mar threoirphlean le deimhin a dhéanamh de go mbeidh todhchaí feabhsaithe inbhuanaithe ar fáil do chách |

## Ról an Cheistiúcháin Chriticiúil



# RÉAMHRÁ | Treoir don oide faoi úsáid Teacht Aniar

Fáilte chuig **Teacht Aniar**, acmhainn Trócaire a dhéanann scrúdú ar SFI 16 trí scéalta dhá theaghlach ón tSúdáin Theas.

Cabhraíonn an acmhainn seo leis na hoidí agus na mic léinn san iar-bhunscoil scrúdú a dhéanamh ar dhá theaghlach sa **tSúdáin Theas** agus an tionchar bhí ag an gcogadh is an choinbhleacht orthu. Mínítear na bealaí ina ndéanann siad **iarracht saol slán rathúil** a chaitheamh in aghaidh na coinbhleachta fada, agus na tosca a bhaineann leis an saol sin.

Baineann an acmhainn úsáid as **SFI 16: Síocháin agus Cóir/Institiúidí Laidre** mar chreatlach an scrúdaithe, agus breathnaítear ar na SFI eile. Baintear úsáid chomh maith as **Coinbhinsiún na Náisiún Aonraithe um Chearta an Linbh** (UNCRC) le tuiscint a chothú go mbíonn sé chun leasa an phobail gur mhaith an rud é deireadh a chur leis an gcoinbhleacht ar mhaithe leis an aos óg. Díríonn cuid 1 de **Teacht Aniar** ar mhíniú a thabhairt ar na SFI ar fad, sula mbreathnaítear ar SFI 16.

Acmhainn tras-churaclaim atá i **Teacht Aniar** agus é in oiriúint do dhaltaí suas go dtí an idirbhliain i bPoblacht na hÉireann, agus do chuid eilimintí de 'An Pholaitíocht agus an tSochaí' i scrúdú na hArdteistiméireachta. Bíonn **Teacht Aniar** oiriúnach le húsáid go hEochairchéim 4 i dTuaisceart Éireann. Cuirtear naisc chuig na hábhair seo, chomh maith le Spriocanna Foghlama ag tús gach aon chuid den acmhainn.

| Poblacht na hÉireann (ROI) | Tuaisceart Éireann (NI) |
|---|---|
| Tíreolaíocht | Tíreolaíocht |
| Oideachas Reiligiúnach | Oideachas Reiligiúnach |
| OSSP | Foghlaim don Saol/Obair |
| An Pholaitíocht agus an tSochaí | |

| | |
|---|---|
| **CUID 1** | An aidhm atá roimh an gcuid seo ná tuiscint a chothú i measc na ndaltaí maidir leis na SFI, sula ndírítear ar SFI 16: Síocháin agus Cóir/Institiúidí Laidre. |
| **CUID 2: An tSíocháin** | An aidhm atá roimh an gcuid seo ná tionchar na coinbhleacht ar chearta an duine agus ar phobail na síochána, a mheas. |
| **CUID 3: Ceartas** | An aidhm atá roimh an gcuid seo ná léargas a thabhairt ar an gcoincheap freagairt dhaonnúil forbartha a thabhairt ar an gcoinbhleacht, agus mar a spreagtar na heagrais a thugann an fhreagairt. Beidh obair Trócaire sa tSúdáin Theas mar shampla. |
| **CUID 4: Institiúidí Láidre** | An aidhm atá roimh an gcuid seo ná taighde a dhéanamh ar dhaoine agus ar eagrais inmheánacha agus seachtracha a dhéanann iarrachtaí Réiteach Coinbhleachta, agus an tSúdáin Theas mar shampla anseo. |
| **CUID 5** | An aidhm atá roimh an gcuid seo ná comórtas Trócaire GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE a mhíniú do na daltaí. |

Chomh maith leis na naisc thuas, is féidir an acmhainn a úsáid mar aonad san **Idirbhliain**. Cabhróidh sé le scrúdú a dhéanamh ar chearta an duine, agus na dualgais shóisialta a bheadh orainn mar shaoránaigh ghníomhacha, páirteacha, freagracha.

### Giorrúcháin a úsáidtear anseo

**TSC:** Teagasc Sóisialta Caitliceach

**UNDHR:** Dearbhú na NA um Chearta an Duine

**UNCRC:** Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

**ECHR:** Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine

**SFI:** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**ROI:** Poblacht na hÉireann

**NI:** Tuaisceart Éireann

## Ábhar Breise

Níl anseo ach eilimint amháin de na hacmhainní don seomra ranga iar-bhunscoile. Déantar tagairt do na hacmhainní breise tríd síos anseo, mar shampla::

- Taispeántas PowerPoint
- Grianghraif SFI
- Cluiche 'Bealaí chun na Síochána'
- Gníomhaíocht Dhaonnúil (físeán Trócaire á mhíniú)

Le teacht ar na hacmhainní breise seo agus eile: https://www.trocaire.org/our-work/educate/peaceandjustice/postprimary/

### Bí linn le tuilleadh a fhoghlaim!

Beidh deis agat tuilleadh eolais a fháil faoin acmhainn seo má chláraíonn tú le haghaidh seisiúin CPD ag tús mhí Feabhra. Cabhróidh na hoideoirí le scrúdú a dhéanamh ar an acmhainn, agus le breathnú ar na bealaí éagsúla ina bhféadfaí úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí, agus as an ábhar breise atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Trócaire. Cláraigh anois le bhur dtoil: https://forms.gle/gtZKTB7W1VnbSzX77.

## Oideachas Forbartha

Oideachas forbartha ná  próiseas cruthaitheach oideachasúil a chothaíonn an fheasacht agus an tuiscint ionainn maidir leis an domhan ina mairimid.

Tugann sé dúshlán na mbraistintí agus na steiréitíopaí tríd an dóchas a chothú, agus rannpháirtíocht agus gníomhaíocht a mholadh le domhan cóir a chruthú.  Tá treoir don oideoir maidir le hoideachas forbartha ag: https://www.trocaire.org/documents/what-is-development-education/

Tabhair faoi deara go ndíríonn ábhar na Súdáine Theas ar ghnéithe áirithe na tíre, ach tá radhairc eile le fáil uirthi. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaimis mar oideoirí, treisiú ar steiréitíopaí diúltacha i rith na ngníomhaíochtaí a théann leis an acmhainn seo.




Baineann an choinbhleacht agus an bhochtaineacht leis na teaghlaigh a gcuirtear i láthair anseo, ach ní amhlaidh don uile dhuine ón  tSúdáin Theas, ná do na daoine ar fad a chónaíonn inti. Meabhraigh do na daoine óga nach bhfuil anseo ach cuid de scéal na tíre. Déan deimhin de rudaí deimhneacha a rá faoin tír chomh maith. Níl sa tSúdáin Theas ach tír amháin as 54* tír in ilchríoch na hAfraice. Ná cuir síos ar na teaghlaigh go gcónaíonn siad san Afraic.

*https://www.un.org/en/sections/where-we-work/africa/index.html

# RÉAMHRÁ | Nótaí don Oide faoin gCoinbhleacht sa tSúdáin Theas

Tá seanaithne ag an tSúdáin Theas ar an gcoinbhleacht. Ón uair a d'éirigh Poblacht na Súdáine saor ó smacht Angla-Éigipteach sa bhliain 1956, bhí teannas inmheánach ann idir an tuaisceart agus an deisceart.




Lean an chéad chogadh cathartha sa tSúdáin 1955–1972, agus síníodh conradh síochána ansin i 1972 rud a chuir tús le Réigiún Neamhspleách na Súdáine Theas. Theip ar an tsíocháin sobhriste seo, agus bhris an cogadh amach athuair sa bhliain 1983. I mí Eanáir na bliana 2005 síníodh conradh síochána eile a chuir deireadh le cogadh fada fuilteach 22 bliain ar fhad, inar maraíodh breis agus dhá mhilliún duine, meastar.

Fuair an tSúdáin Theas neamhspleáchas iomlán sa bhliain 2011, tar éis sé bliana féinriar.

Reáchtáladh reifreann in Eanáir na bliana 2011 inar dhearbhaigh formhór mór na ndaoine gur mhaith leo saoirse iomlán ón tSúdáin. Níor cuireadh deireadh riamh leis an gcoinbhleacht sa tSúdáin Theas, toisc go raibh easaontas ann a bhí bunaithe ar acmhainní ola, agus ar fhearann.

Tharla cogadh cathartha eile sa tSúdáin Theas i ndeireadh na bliana 2013, agus leanann sé go fóill.

Síníodh an conradh síochána is déanaí sa bhliain 2018, agus déantar iarrachtaí fánacha a mbíonn rath ar chuid acu, an tsíocháin a choinneáil, ach tarlaíonn eachtraí troda agus brúidiúlachta in

## An tSúdáin Theas Staitisticí

| | An tSúdáin Theas | Poblacht na hÉireann | Ríocht Aontaithe |
|---|---|---|---|
| **Daonra** | 11 milliún | 4.8 milliún | 67.1 milliún |
| **Rangú i bhForbairt an Duine** | 0.413 = 186/189 ar domhan | 0.942 = 3/189 ar domhan | 0.920 = 15/189 ar domhan |
| **Saolré ag an mBreith** | 57.6 bliana | 82.1 bliana | 81.2 bliana |
| **Ioncam Náisiúnta per capita USD** | USD 1,455 | USD 55,660 | USD 39,507 |
| **Scolaíocht Ionchais agus Meán Scolaíochta** | 5.0 bliana agus 4.8 bliana | 18.8 bliana agus 12.5 bliana | 17.4 bliana agus 13.0 bliana |
| **Ar an Idirlíon** | 8% daoine | 84.5% daoine | 94.9% daoine |
| **Innéacs Forbartha Inscne** | 0.839 =186/189 ar domhan | 0.975 = 3/189 ar domhan | 0.967 = 15/189 ar domhan |

Yaka Lucia, lena leanbh Rosa, ag an ngairdín buan rathúil. Grianghraf: Sarah Fretwell

aghaidh an phobail go fóill.[1] Chabhraigh páirtithe idirnáisiúnta, an Vatacáin agus An Pápa Proinsias ina measc, in iarrachtaí tacaíochta na síochána sa réigiún. D'eagraigh an Pápa Proinsias cúrsa spioradálta sa Vatacáin sa bhliain 2019 agus thug sé cuireadh do cheannairí na Súdáine Theas, an tUachtarán Salva Kiir Mayardit agus an dá leasuachtarán ainmnithe Riek Machar agus Rebecca Nyandeng De Mabior teacht chuige.

'Iarraim mar bhráthair ar an triúr a shínigh conradh na síochána; cloígí leis an tsíocháin. Iarraim é seo ó chroí oraibh. Leanaimis ar aghaidh. Beidh go leor fadhbanna ann, ach sárófar iad. Lean ar aghaidh agus réitigh na fadhbanna. Chuir sibh tús leis an bpróiseas. Go n-éirí go geal leis.'[2] (An Pápa Proinsias)

Tá rialtas na haontachta i bhfeighil ó mhí Feabhra 2020, le Riek Machar mar leasuachtarán an uachtaráin Salva Kiir Mayardit. Níor éirigh leis an rialtas seo deireadh a chur leis an choinbhleacht. Dar leis an gCoimisiún um Chearta Daonna na NA, maraíodh na céadta duine sa bhliain 2020 de bharr na coinbhleachta agus díláithríodh breis agus 80,000 duine sa tSúdáin Theas amháin.[3]

Díláithríodh na milliúin duine de bharr na coinbhleachta agus de bharr na gcomhaontuithe síochána a briseadh le blianta anuas. Daoine easáitithe ina dtír féin, An tSúdáin Theas cuid acu, agus cuid eile a theith chuig na tíortha in aice láimhe. Tá cuid mhaith teifeach in Uganda thuaidh, a chónaíonn i gcampaí dídeanaithe. Campa Palabek ceann de na campaí is mó, agus chabhraigh Trócaire le heagrais áitiúla mar African Women Rising, le scileanna a mhúineadh do theaghlaigh na ndídeanaithe a spreagfadh an teacht aniar agus an neamhspleáchas iontu. Má fhoghlaimíonn siad na scileanna ríthábhachtacha seo; barraí cothaitheacha a fhás ar bhealach éifeachtach éiceabhách, beidh tionchar dearfach fadtéarmach ar na daoine.

D'oscail Trócaire oifig sa tSúdáin Theas sa bhliain 2010. Cúig bhliain ina dhiaidh sin nasc siad lena gcomhpháirtithe ón UK, áis Chaitliceach na forbartha thar lear CAFOD, le comhaontas CAFOD agus Trócaire a bhunú (CTP). Tá CAFOD agus Trócaire ag comhoibriú lena chéile sa tSúdáin Theas ó shin.

## Tá trí shaghas clár idir lámha ag CTP sa tSúdáin Theas:

- Daonnúil/ Práinnfhreagairt
- Tógáil na Síochána agus Cearta an Duine
- Cearta Bia agus Acmhainní

Is í an aidhm is mó atá acu sa tSúdáin Theas ná folláine na ndaoine agus na pobail a fheabhsú, agus iad a chumhachtú le gur féidir leo an bhochtaineacht a shárú agus bunriachtanais an bheatha a chur ar fáil dóibh féin ar bhealach inbhuanaithe trí rochtain a bheith acu ar:

- Práinnfhreagairt agus ullmhúchán a chabhraíonn le tarrtháil na beatha agus a mhaolaíonn ar thionchar an chogaidh, na coinbhleachta pobal, na dtuilte, agus tubaistí eile.
- Cláir don fhostaíocht inbhuanaithe
- Sábháilteacht bhia agus cothú a chuireann le Teacht Aniar aeráide
- Sláintíocht uisce/séarachas agus seirbhísí sláinteachais (WASH)
- Comhionannas Inscne agus cumhachtú na mban
- Rialachas rannpháirtíoch agus cómhaireachtáil shíochánta

## Comhchruinniú

Gné tábhachtach den obair a dhéanann Trócaire sa tSúdáin Theas ná an **comhchruinniú**. Glacann daoine agus eagrais áitiúla páirt thábhachtach sa phráinnfhreagairt dhaonnúil, agus sna feachtais fhadtéarmacha forbartha.

Sa tSúdáin Theas bíonn Trócaire ag obair le páirtithe ar nós **Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas** (SSCC). Bíonn buntáistí ar fáil de bharr an eolais, na scileanna agus na gaolta a chothaítear i measc an phobail. Cuireann Trócaire maoiniú agus tacaíocht theicniúil ar fáil, agus comhoibríonn leis na páirtithe áitiúla i gcúinsí deacra.

Tuilleadh eolais faoin gComhchruinniú, ar fáil ag: Trócaire's report More Than The Money: Localisation in Practice.

1. https://news.un.org/en/story/2020/09/1072502
2. https://www.vaticannews.va/en/pope/news/2019-04/pope-francis-spiritual-retreat-leaders-south-sudan-speech0.html
3 https://www.worldpoliticsreview.com/articles/29052/despite-a-unity-government-in-south-sudan-conflict-rages-on

# CUID 1: SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

NA SPRIOCANNA DOMHANDA
Um Fhorbairt Inbhuanaithe

Baineann an mhír seo leis na torthaí foghlama:

| Poblacht na hÉireann (ROI) | Tuaisceart Éireann (NI) |
|---|---|
| **OSSP: 2.2** Pléigh sainmhínithe éagsúla na forbartha, agus cruthaigh sainmhíniú daoibh féin faoi cad is forbairt inbhuanaithe ann | **Tíreolaíocht KS4: 3.5** Déan cur síos ar an mbealach ina ndéanann do rogha trí SFI iarracht an bhearna fhorbartha a laghdú |

## GNÍOMHAÍOCHT 1: Cad iad na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)?

### Céim 1: Smaoinigh, Péireáil, Roinn

Cad is brí leis an téarma 'forbairt inbhuanaithe'? Pléadh na daltaí an cheist dóibh féin, i mbeirteanna, nó leis an rang, ag brath ar scaradh sóisialta. Iarr ar gach aon phéire sainmhíniú ghearr a chruthú agus a roinnt leis an rang.

### Céim 2: Tráth na gCeist SFI

Bain úsáid as Tráth na gCeist le fáil amach cén t-eolas atá acu faoi na SFI.

Tá sé ar shleamhnáin 3–5 an PowerPoint. Chruthaíomar Tráth na gCeist ar Kahoot chomh maith, ina bhfuil ceisteanna breise. Má bhíonn sé sin oiriúnach daoibh beidh gá leis na fóin póca. Tráth na gceist ar fáil anseo.

### Céim 3: Beochan: An Ceacht is mó ar Domhan

Féach an bheochan seo mar achoimre oibre. Cuireann Malala Yousafzai na SFI i láthair.

## GNÍOMHAÍOCHT 2: Cén fáth ar roghnaíodh17 SFI?

### Céim 1: Grianghraif SFI

https://www.trocaire.org/our-work/educate/peaceandjustice/postprimary/

Daoine indibhidiúla i gceist anseo, nó roinn an rang ina bpéirí nó mar ghrúpaí ag brath ar scaradh sóisialta. Bronn grianghraf ar gach aon phéire agus freagraídís na ceisteanna seo:

1) Cén fáth gur roghnaíodh an SFI áirithe seo?
2) Cén chine/grúpa/tír a cheapfadh gur SFI ríthábhachtach an ceann seo?

### Céim 2: Roth SFI

https://www.trocaire.org/our-work/educate/peaceandjustice/postprimary/

Bain úsáid as an roth SFI le SFI fánach a roghnú do gach duine/péire/grúpa. Freagair na ceisteanna ag tagairt don SFI sin:

1) Cén trí SFI eile a bhfuil gaol gairid acu leis an SFI seo?
2) Cruthaigh ráiteas/argóint a dhearbhaíonn gur seo an SFI is tábhachtaí.

Cuireann na daltaí an cás duine i ndiaidh dhuine. Spreag na daoine eile le ceisteanna ábhartha a chur, agus dúshlán na rogha sin a thabhairt.

### Céim 3: Plé

Cuir na ceisteanna seo os comhair an ranga agus tabhair tamall dóibh smaoineamh ar na freagraí.

1) Cad iad na fadhbanna móra a leigheasfadh SFI iad? (fíorbhochtaineacht, neamhionannas, dochar don chomhshaol).
2) Cén tábhacht a bhaineann le plean amháin domhanda a bheith ann leis na fadhbanna seo a leigheas?
3) Cén fáth go mbeadh sé deacair glacadh leis an bplean?

**Ceist sínithe:** An ndéantar aon cháineadh ar na SFI? Smaoinigh, ansin pléigh na pointí ar shleamhnán 6.

# GNÍOMHAÍOCHT 3: Tabhair Faisnéis ar SFI 16

Críochnaigh na tascanna thíos agus tabhair faisnéis ar SFI 16: Síocháin agus Cóir/Institiúidí Laidre. Cóipeáil agus scaip Bileog Oibre 1 (tomhas A3) don ghníomhaíocht, nó lig do na daltaí a leagan amach féin a dhearadh, agus bíodh gach eilimint ó na ceithre thasc ann.

**TASC 1: Spriocanna**

Cóipeáil agus scaip na spriocanna/táscairí ar leathanaigh 12–13 den leabhrán seo, nó is féidir ceist a chur ar na daltaí dul chuig https://sdgs.un.org/goals/goal16 agus an táb faoi spriocanna agus táscairí a roghnú. Roghnaíonn na daltaí an 3 sprioc is tábhachtaí agus cuir ar Bhileog Oibre 1 iad. Tabhair míniú amháin an rogha ar a laghad.

**TASC 2: Táscairí**

Féach ar na spriocanna a roghnaíodh i Tasc 1. Roghnaigh táscaire maith amháin an cheann, a chruthódh gur shroicheadh an sprioc agus scríobh ar Bhileog Oibre 1 é.

**TASC 3: Leanaí**

Cad iad na spriocanna/táscairí a chabhraíonn le riachtanais na leanaí? Liostáil sa léargas iad.

**TASC 4: Na Cinn Réitigh**

Déan taighde agus scríobh tuairisc faoi bheirt cheann réitigh, Éireannach duine amháin acu, an duine eile ó áit ar bith eile. Bíodh pictiúr leis an gcuntas, agus cur síos ar na fáthanna lena luaitear an duine seo mar cheann réitigh.

## BILEOG OIBRE 1:
Síocháin agus Cóir/ Institiúidí Laidre

**Spriocanna agus Táscairí Páistelárnacha:**

**Sprioc:** **Fáth:** **Táscaire:**

**Sprioc:** **Fáth:** **Táscaire:**

**Sprioc:** **Fáth:** **Táscaire:**

### Cinn Réitigh

**Pictiúr 1**

**Pictiúr 1 Eolas:**

**Pictiúr 2**

**Pictiúr 2 Eolas:**

# TÁSCAIRÍ

**16.7.2** Scair an daonra a chreideann go bhfuil cinnteoireacht chuimsitheach sofhreagrach ann de réir inscne, aois agus aicme dhaonra

**16.7.1** Scair na bhfostaithe (de réir inscne, aois, daoine faoi mhíchumas, aicmí dhaonra) in institiúidí poiblí (reachtas náisiúnta/áitiúil, seirbhís phoiblí, breithiúna) i gcomparáid leis an dáileadh náisiúnta

**16.8.1** Scair na mball agus na cearta vótála atá ag na tíortha faoi fhorbairt, in eagrais idirnáisiúnta

**16.8** Ionchur na dtíortha faoi fhorbairt a mhéadú is a láidriú in institiúidí domhanda rialachais

**16.7** Deimhin a dhéanamh de chinnteoireacht chuimsitheach, rannpháirteach, ionadaíoch a bheith ann ag gach leibhéal

**16.6.2** Scair an daonra sásta le teagmháil deireanach le seirbhísí poiblí

**16.6.1** Caiteachas bunúsach an rialtais mar scair an bhuiséid cheadaithe bhunúsaigh, de réir rannóige, nó cód bhuiséid 7rl

**16.6** Institiúidí éifeachtacha freagracha, trédhearcacha a bhunú ag gach leibhéal

# SPRIOCANNA

**16.5** Gach breabaireacht agus éilliú a ísliú go mór

**16.4** Laghdú suntasach faoi 2030 ar shruth airgeadais agus airm isteach agus amach in aghaidh an dlí, aimsigh agus aisíoc sócmhainní goidte agus troid in aghaidh gach coireacht eagraithe

**16.5.1** Scair na ndaoine a raibh teagmháil amháin ar a laghad acu le hoifigeach poiblí inar cuireadh ceist orthu breab a íoc, nó gur íoc breab le bliain roimhe sin

**16.5.2** Scair lucht gnó a raibh teagmháil amháin ar a laghad acu le hoifigeach poiblí inar cuireadh ceist orthu breab a íoc nó gur íoc siad breab le bliain roimhe sin

**16.4.1** Luach shruth airgeadais isteach agus amach a bhí mídhleathach (USD)

**16.4.2** Scair na n-arm a tógadh, a fuarthas nó a tugadh isteach ar aithin údarás inniúil an fhoinse mhídhleathach a bhain leo de réir na reachtaíochta idirnáisiúnta

# SPRIOCANNA

**16.1** Maolú suntasach ar an bhforéigean agus ar rátaí bháis a bhain leis

**16.1.1** Uimhir na ndaoine a dúnmharaíodh per 100,000 duine, de réir aois agus inscne

**16.1.2** Bás ón gcoinbhleacht per 100, de réir aois, inscne agus fáth

**16.1.3** Scair an phobail ar imríodh dochar fisiceach, síceolaíoch nó gnéasach orthu i rith na bliana roimhe sin

**16.1.4** Scair den phobal a mhothaíonn slán ag siúl ina gceantair féin

**16.2** Cuir deireadh le mí-úsáid, gáinneáil, foréigean de gach sórt in aghaidh na leanaí

**16.2.1** Scair na leanaí 1–17 bl. ar imir cúramóir pionós fisiceach nó síceolaíoch orthu i rith na míosa seo caite

**16.2.2** Uimhir na ndaoine gáinneáilte per 100,000 den daonra, de réir inscne, aois agus foirm na gáinneála

**16.2.3** Scair na ndaoine óga 18–29 bl. ar imríodh foréigean gnéasach orthu faoi aois 18 dóibh

**16.3** An dlí a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn rochtain ar an gceartas do chách

**16.3.1** Scair íospartach an fhoréigin i rith na bliana roimhe sin a thug tuairisc faoin gcoir do na húdaráis nó d'áisíneacht údaraithe réiteach coinbhleachta

**16.3.2** Daoine faoi choimeád gan daoradh, mar scair dhaonra na bpríosún

**16.9** Aitheantas dleathach agus teastas breithe do chách faoin mbliain 2030

**16.9.1** Scair na bpáistí faoi 5 bl. ar cláraíodh an bhreith leis na húdaráis oifigiúla, de réir aois

**16.10** Cinntigh go mbe[illegible] teacht ag an bpobal ar eolas, agus cosain cearta an duine de réir na reachtaíochta náisiúnta agus na comhaontuithe idirnáisiúnta

**16.10.1** Méid na gcásanna cruthaithe den mharú, fuadach, coinneáil éigeantach na n-iriseoirí nó baill na meán, nó lucht na gceardchumann nó gníomhaithe chearta an duine a tharla le bliain anuas

**16.10.2** Méid na dtíortha a ghlac agus a chuir i bhfeidhm an reachtaíocht agus na polasaithe bunreachtúla a chinnteodh rochtain don phobal ar gach eolas a bhí uathu

# TÁSCAIRÍ

# CUID 2: AN TSÍOCHÁIN AGUS AN CHOINBHLEACHT

Baineann an mhír seo leis na torthaí foghlama:

| Poblacht na hÉireann (ROI) |
|---|
| **Oideachas Reiligiúnach: 1.11** taighde faoi eagrais reiligiúnacha nó eile a bhíonn ag obair ag leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta leis an gceartas, an tsíocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn, agus an gaol atá ann idir an obair sin agus fís an bhunaitheora. **3.1** Scrúdaigh foinsí éagsúla luachanna agus na bealaí ina mbaineann luachanna na ndaoine leis na roghanna a dhéanann siad, leis na gaolta a bhíonn acu agus leis na dualgais atá orthu. **3.7** Déan taighde faoi bhrí na comhbhá, an cheartais, na síochána, agus an athmhuintearais a léiríonn dhá chreideamh reiligiúnach domhanda, agus na bealaí inar féidir na rudaí sin a thabhairt faoi deara agus iad á gcur i bhfeidhm. |
| **Tíreolaíocht: 3.7** Dean comparáid idir na deiseanna saoil a bhíonn ann don ógánach i dtír forbartha, agus i dtír faoi fhorbairt, maidir le Comhionannas Inscne, Cúram Leighis, Fostaíocht agus Oideachas. **3.8** Scrúdaigh an ról atá ag an gcúnamh forbartha san fhorbairt dhaonna. |
| **Tuaisceart Éireann (NI)** |
| **LLW – Saoránacht Áitiúil agus Domhanda:** Scrúdaigh: conas agus cén fáth go bhfulaingíonn daoine áirithe ón neamhionannas/eisiamh sóisialta de bharr stádais, sa chomhthéacs áitiúil nó domhanda; breathnaigh ar an obair a dhéanann eagrais rialtasacha, idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha (NGO) ar mhaithe leis an ionannas agus an ceartas sóisialta a chur chun cinn. |
| **Oideachas Reiligiúnach: KS4 Moráltacht 3.B** An saol agus ceisteanna domhanda (cearta agus dualgais, cogadh agus síocháin). |

## GNÍOMHAÍOCHT 4: Dínit agus Cearta

### Céim 1

Iarr ar na daoine óga brí an téarma 'Cearta agus Freagracht' a mhíniú. Cad iad na cearta tábhachtacha atá againne ar fad, agus cén fhreagracht a bhaineann leis na cearta sin. Déan tagairt do na coinbhinsiúin agus na comhaontais idirnáisiúnta más gá (UNDHR, UNCRC, ECHR).

### Céim 2

Tuigtear gur dínit an duine bunsraith chearta an duine ar fad. Taispeáin an bheochan faoi dhínit an duine atá ar fáil anseo, agus a mhíníonn áit dhínit an duine sa teagasc sóisialta Caitliceach.

Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh agus na ceisteanna seo a fhreagairt:

- Cad is brí leis an téarma 'dínit an duine'?
- Díríonn an bheochan ar an dearcadh Caitliceach/Críostaí maidir le dínit an duine. Cén dearcadh atá ag creidimh agus ag traidisiúin eile i dtaobh dhínit an duine agus chearta an duine? (Obair Bhaile/Gníomhaíocht?)

### Céim 3

Pléigh staideanna nuair nach dtugtar dínit don duine. Spreag na daltaí le samplaí éagsúla a thabhairt ó chomhthéacsanna éagsúla, agus samplaí na coinbhleachta ina measc.

**UNCRC Airteagal 31 (Fóillíocht/Súgradh/Cultúr):** Tá ceart ag gach leanbh súgradh a dhéanamh, sos a ghlacadh agus páirt a ghlacadh i réimse leathan ghníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta.

'An lá amú is measa, ná an lá gan gháire.'

Páistí ag súgradh i gcampa na ndaoine díláithrithe go hinmheánach, Juba, An tSúdáin. Grianghraf: Caritas Internationalis

# GNÍOMHAÍOCHT 5: Cad is Coinbhleacht ann?

### Céim 1: Smaoinigh, Péireáil, Roinn

Ceistigh na daltaí: Cad is Coinbhleacht ann? Tabhair dhá nóiméad smaoinimh dóibh, agus ansin lig dóibh na smaointe a roinnt leis an duine in aice leo ar feadh dhá nóiméad. Nuair a bhíonn an t-am istigh, iarr ar na péirí na freagraí a roinnt leis an rang ar fad. Má bhíonn srianta ann ó thaobh scaradh sóisialta de, is féidir leis an oide an plé a stiúradh.

### Céim 2: Meabhairmhapáil na Coinbhleachta

Iarr ar na daltaí tógáil ar na ceisteanna i gCéim 1, agus meabhairmhapa a chruthú faoin gCoinbhleacht (féach PowerPoint sleamhnán 7), ag díriú ar chúig ábhar thábhachtacha:

a) Saghsanna coinbhleachta

b) Fáthanna na coinbhleachta

c) Tionchair na coinbhleachta ar dhínit an duine agus ar chearta an duine.

d) Freagairt ar an gcoinbhleacht agus réiteach

e) SFI is mó a mbíonn tionchar ag an gcoinbhleacht orthu

Is féidir meabhairmhapa a tharraingt nó a chruthú le huirlisí digiteacha. Tá sampla na huirlise do chruthú an mheabhairmhapa ar fáil ag: coggle.

### Céim 3: An mBíonn gá le Coinbhleacht Uaireanta?

Mínigh do na daltaí go gcuirfear ceithre ráiteas os a gcomhair (thíos agus PowerPoint sleamhnán 8). Má bhíonn an deis ann tabhair 'Aontaigh' ar thaobh amháin an tseomra ranga, agus 'Easaontaigh' ar an taobh eile. Is féidir le dalta dul ar thaobh amháin nó seasamh i lár, ag glacadh leis an scaradh sóisialta. Cuir ceist ar chuid daoine mar gheall ar an rogha a rinneadar, agus iarr orthu aiseolas a thabhairt. Spreag an plé eatarthu, agus lig dóibh intinní a athrú más maith leo, tar éis éisteacht lena chéile.

| | |
|---|---|
| Ráiteas 1: | Níl a leithéid de rud ann agus cogadh maith, nó droch-shíocháin. (Benjamin Franklin) |
| Ráiteas 2: | Is cuma cad é an gá a bheadh le cogadh, fiú an cogadh ceart. Is coir é an cogadh. (Ernest Hemingway) |
| Ráiteas 3: | Tá síocháin éagórach níos fearr ná cogadh cóir. (Desiderius Erasmus) |
| Ráiteas 4: | Ní féidir síocháin a choinneáil trí fhórsa armtha; ní féidir é a chur i bhfeidhm ach trí chomhthuiscint. (Albert Einstein) |

# GNÍOMHAÍOCHT 6: Ag Saothrú na Síochána

### Céim 1: Duais Nobel na Síochána

Dar le Rianaire na Coinbhleachta Domhanda, á reáchtáil ag meitheal mhachnaimh Meiriceánach **Council on Foreign Relations**, bhí 26 choinbhleacht ag tarlú ar domhan Mí Dheireadh Fómhair 2020. Is minic a aithnítear na daoine a dhéanann iarracht an choinbhleacht mórthimpeall an domhan a réiteach, trí bhronnadh **Duais Nobel na Síochána**. Bronnadh an duais ar an **gClár Bia Domhanda** sa bhliain 2020, '*de bharr na hiarrachtaí in aghaidh an ocrais, de bharr feabhas a chur ar thosca na síochána in áiteanna a d'fhulaing ón gcoinbhleacht, agus as ucht an tiomantais a bhí iontu féachaint chuige nach n-úsáidfí uirlis an ocrais mar arm an chogaidh agus na coinbhleachta.*'

Iarr ar na daltaí ainmneacha na ndaoine a bhuaigh Duais Nobel na Síochána ón uair a bhronnadh an chéad cheann sa bhliain 1901 a lorg. Eolas ar fáil anseo. Iarr ar gach dalta tuairisc a chur os comhair an ranga. Cabhróidh na ceisteanna seo leis an iniúchadh:

1) An gcuireann aon fhaighteoir ionadh ort?

2) An dtugann tú claontacht faoi deara sa bhealach ina mbronntar an duais?

3) An aithníonn agus an gcúitíonn Duais Nobel na Síochána iarrachtaí fiúntacha ar an tsíocháin a thógáil? Tabhair samplaí le húdar a thabhairt do na freagraí.

# CUID 3: CÓIR AGUS ÉAGÓIR

Baineann an mhír seo leis na torthaí foghlama:

| Poblacht na hÉireann (ROI) |
| --- |
| **OSSP: 1.1** Pléigh an bhrí atá ann le bheith mar dhuine daonna ag cónaí i measc an phobail, agus na cearta is an fhreagracht a bhaineann lena leithéid. **1.2** Déan pictiúr maidir le suíomh a mhíneodh nach dtugtar dínit don duine ann. **1.8** Mínigh an tuiscint atá acu faoi UNDHR, UNCRC agus ECHR sa mhéad is a bhaineann siad leo féin, lena gcuid cearta agus leis an fhreagracht atá orthu. **2.9** Déan anailís ar cheist nó dúshlán domhanda faoi na ceannlínte: fáthanna, torthaí, tionchar ar shaol na ndaoine, réiteach na ceiste más féidir. |
| **Oideachas Reiligiúnach: 2.7** Conas mar a dhéanann teagasc reiligiúnach aon reiligiúin ainmnithe domhanda, déileáil le fadhbanna atá ag pobail an domhain faoi láthair? |
| **Tuaisceart Éireann (NI)** |
| **LLW – Saoránacht Áitiúil agus Domhanda:** Scrúdaigh na bunphrionsabail a bhaineann le cearta an duine. Déan taighde maidir le suímh áitiúla agus domhanda inar cuireadh isteach go mór ar chearta an duine. Cén fáth go mbaineann tábhacht leis, caighdeán ard chearta an duine a bheith á chur i bhfeidhm sa tsochaí dhaonlathach? Luaigh freastal ar bhunriachtanais, cosaint an duine agus na grúpaí dhaoine. |
| **Tíreolaíocht KS3: 2** Déan taighde faoi éagsúlachtaí na nósanna maireachtála taobh istigh agus taobh amuigh de thíortha, agus faoin gcabhair a thabharfaimis le domhan cóir a thógáil. |

## GNÍOMHAÍOCHT 7: Freagairt in áit na Coinbhleachta

I dtíortha eile ar nós na Súdáine Theas, baineann Trócaire leis an bhfreagairt dhaonnúil agus leis an bhforbairt fhadtéarmach. Caithfidh an dá shórt feidhmiú in éineacht lena chéile ionas gur féidir leis na daoine a fhulaingíonn ón gcoinbhleacht an teacht aniar a thógáil iontu féin le cur in aghaidh na ndeacrachtaí a tharraingeoidh an choinbhleacht anuas orthu.

### Céim 1: Sórtáil na gCártaí (Diamaint 9/ Rangú)

Gearr amach agus roinn na naoi gcártaí ar Bhileog Oibre 2, foireann chártaí amháin do gach 2/3 páiste. Má bhíonn scaradh sóisialta i gceist, bíodh duine amháin i gceannas ar na cártaí agus na daoine eile ar an bhfoireann beagán i leataobh. Iarr ar na daltaí na cártaí a rangú, an ceann is tábhachtaí ar barr, an ceann is lú tábhachta ar bun.

### Céim 2

Déan dhá ghrúpa cártaí: 'freagairt dhaonnúil' agus 'forbairt fhadtéarmach'.

### Céim 3: Plé

An bhfuil cárta ar bith a bheadh sa dhá ghrúpa; 'freagairt dhaonnúil' agus 'forbairt fhadtéarmach'?

## GNÍOMHAÍOCHT 8: Luachanna a Lorgaíonn Freagairt

### Céim 1: Cad is brí le Luachanna?

**Tasc 1:** Cad is brí leis an téarma 'Luach'? (Féach sleamhnán 9/PowerPoint). Cruthaigh néal focal ar Mentimeter leis an gceist: Cad is Luach ann?

Is féidir fóin póca nó feistí eile a úsáid le luachanna a fhiosrú. Téigh go mentimeter.com, agus lean na treoracha le clárú leo.

**Tasc 2:** Cé hiad na daoine, nó cad iad na rudaí a mbíonn tionchar acu ar ár gcuid luachanna? Pléigh i ngrúpaí agus spreag na daltaí le liostaí a dhéanamh de na rudaí a mbíonn tionchar acu ar

ár gcuid luachanna. Abair leis na grúpaí na liostaí a roinnt leis an rang. Bain úsáid as sleamhnán 10 le hachoimre a dhéanamh. Cuir na ceisteanna:

1) Cad iad na luachanna pearsanta is tábhachtaí duitse? Is féidir luach ar bith a lua, fiú mura n-ardaíodh cheana féin é.
2) Conas a tharlódh go mbeadh na luachanna céanna ag daoine/grúpaí/pobail?
3) Conas a tharlódh go mbeadh na luachanna éagsúla ag daoine/grúpaí/pobail?

## Céim 2: Luachanna a Spreagann Freagairt Trócaire sa tSúdáin Theas agus in Áiteanna mar í

**Tasc 1:** Taispeáin an bheochan 'TSC in 3 minutes'. Tagann an tionchar is mó ar luachanna Trócaire ón teagasc sóisialta Caitliceach (TSC). Mar sin féin bíonn creidmhigh eile agus neamhchreidmhigh ag obair le Trócaire agus bíonn a luachanna pearsanta féin á spreagadh.

**Tasc 2:** Roinn Bileog Oibre 3 orthu (cuir i gcuimhne dóibh an obair a rinneadh cheana féin faoi dhínit an duine). Bunluach é dínit an duine a spreagann an fhreagairt dhaonnúil ar fud na cruinne. Cén luachanna eile a bheadh taobh thiar den fhreagairt dhaonnúil? Spreag na daoine le smaoineamh ar chreidmhigh agus ar neamhchreidmhigh chomh maith.

**Tasc 3:** Webquest. Is bunluachanna Trócaire iad an ceartas agus an chomhbhá. Chomh maith le reiligiúin mhóra an domhain, molann siad gur ceart an domhan a fheabhsú agus a dhéanamh slán do chách. Is tíortha Moslamacha iad go leor de na tíortha ina mbíonn Trócaire ag obair. Bain úsáid as na suímh ghréasáin a luaitear ar shleamhnán 11 le fáil amach cad iad na cosúlachtaí atá ann i measc Críostaithe agus Moslamaigh maidir le tuiscint na comhbhá agus an cheartais. Conas mar a bheadh an aidhm 'Ag obair ar son an domhain chóir' mar ábhar a d'aontódh daoine ó chreidimh éagsúla lena chéile?

## Céim 4: Na Ceithre Threoirphrionsabail den Fhreagairt Dhaonnúil

**Tasc 1:** Bain úsáid as sleamhnán 12. Abair leis na daltaí go bhfuil ceithre threoirphrionsabail a threoraíonn an fhreagairt dhaonnúil: daonnacht; neodrachas; neamhchlaontacht; neamhspleáchas. Iarr orthu aird a thabhairt ar na ráitis thíos (sleamhnán 13) agus a rá cén prionsabal lena mbaineann siad.

**Tasc 2:** Mar achoimre, breathnaigh ar an mbeochan faoi na prionsabail a chruthaigh an tAontas Eorpach. Bain úsáid as Bileog Oibre 3 le taifead a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad maidir leis na luachanna agus na prionsabail atá taobh thiar den fhreagairt dhaonnúil.

Ráiteas 1: Caithfidh an ghníomhaíocht dhaonnúil a bheith scartha ó aidhmeanna ghníomhairí eile na coinbhleachta. (Neamhspleáchas )

Ráiteas 2: Caithfidh an ghníomhaíocht dhaonnúil a bheith bunaithe ar riachtanais amháin. (Neamhchlaontacht)

Ráiteas 3: Ná bain le taobh ar bith. (Neodrachas)

Ráiteas 4: Déan maolú ar an bhfulaingt. (Daonnacht)

Ráiteas 5: Bíodh meas agaibh ar dhaoine. (Daonnacht)

Ráiteas 6: Ná bí páirteach i gconspóid nach bhfuil baint aige leis an idirghabháil dhaonnúil. (Neodrachas)

Ráiteas 7: Déan prióireacht ar na cásanna is práinní. (Neamhchlaontacht)

Ráiteas 8: Cosain an bheatha is an tsláinte. (Daonnacht)

Ráiteas 9: Ná déan idirdhealú a bheadh bunaithe ar náisiúntacht/cine/inscne/creideamh/stádas/tuairimí polaitíochta. (Neamhchlaontacht)

Ráiteas 10: Déan idirghabháil a bheadh bunaithe ar an riachtanas amháin. (Neamhchlaontacht)

# GNÍOMHAÍOCHT 9: An tSúdáin Theas: Cás-staidéar

### Céim 1

Déan fótachóipeanna agus scaip Bileog Oibre 4. Cuir ceist ar na scoláirí an cás-staidéar a léamh agus na ceisteanna thíos a fhreagairt. Ina dhiaidh sin iarr orthu aiseolas a thabhairt don rang.

### Céim 2

Déan fótachóipeanna agus scaip an cluiche 'Bealaí chun na Síochána'. Cluiche cláir atá ann, bunaithe ar thaithí na ndaoine sa tSúdáin Theas a raibh orthu teitheadh ón gcoinbhleacht (3-6 imreoir más féidir). Má bhíonn srianta ar ghrúpobair, bíodh an clár ag duine amháin agus ionchur scartha oiriúnach ag na daoine eile. Treoracha leis an gcluiche féin.

### Céim 3

Breathnaigh ar an bhfíseán 'Explained by Trócaire'. Tá cuntas gearr ann faoin rud a d'fhoghlaim na daltaí sa chuid seo. Ag druidim leis an deireadh cuirtear an modh 'nasc triarach' in aithne do na daltaí. Iarr orthu smaoineamh ar fhadhb na Súdáine Theas, go gcaithfear cúnamh daonnúil a bhronnadh sa ghearrthéarma, agus forbairt a dhéanamh ansin go fadtéarmach. Conas san?

An féidir an dá shaghas oibre a dhéanamh ag an am céanna? Cén tábhacht a bhaineann leis an tríú ghné den 'nasc triarach' (Tógáil na Síochána)?

### Céim 4

Ag glacadh leis an méid a d'fhoghlaim na daltaí go dtí seo, agus ag cur aon eolas breise a bheadh ar fáil san áireamh, déan comparáid idir na deiseanna saoil atá ann don ógánach sa tSúdáin Theas, agus don ógánach in Éirinn.

Spreag na daltaí tosú leis an sleamhnán 2 agus a gcuid taighde féin a chur leis. Tá ábhar maith ar fáil anseo: https://www.undp.org/content/undp/en/home.html. Cabhróidh na catagóirí seo leis an iniúchadh, agus bain úsáid as ábhar suimiúil ar bith eile:

- Ionchas Saoil
- Comhionannas Inscne
- Cúram Leighis
- Fostaíocht
- Oideachas
- Cothú

# **BILEOG OIBRE 2:** Sórtáil na gCártaí

Bronntar bia agus fionnuisce ar dhídeanaithe ag campa garbh.

Dáiltear cannaí breosla ionas gur féidir leis na teaghlaigh uisce a bhailiú ó na tancaeir uisce, le húsáid don chócaireacht, don ghlanadh, don níochán.

Bronntar airgead beag ar na dídeanaithe nua ionas gur féidir leo na bunriachtanais a cheannach ag an margadh áitiúil.

Cuireann oidí áitiúla ranganna ar fáil do na páistí ionas gur féidir leo filleadh ar an scoil.

Dáiltear paistí beaga talún ar na teaghlaigh ionas gur féidir leo áit chónaithe leath-bhuan a bheith ar a laghad acu.

Tosaítear grúpa coigiltis agus iasachtaí ionas gur féidir leis na mná airgead a shábháil a d'íocfadh as na billí agus as ábhar daor ar nós uirlisí agus síolta.

Tugtar tarpól, adhmad agus pluideanna do na daoine a thagann ó cheantair na coinbhleachta.

Cuirtear seisiúin chomhairleoireachta ar fáil le déileáil le fadhbanna sícea-shóisialta na saighdiúirí scortha.

Cuirtear scrúdú leighis ar gach dídeanaí leis an tsláinte a mheas, agus le cúram leighis agus cógas a thabhairt dóibh más gá, de bharr tinnis nó gortú.

Bronntar uirlisí agus síolta ar na dídeanaithe.

# **BILEOG OIBRE 3:** Luachanna agus Prionsabail

**Luach: DÍNIT AN DUINE**

**Míniú:**

**Luach:**

**Míniú:**

**Luach:**

**Míniú:**

**Luach:**

**Míniú:**

**LUACHANNA SPREAGTHA**

**FREAGAIRT DHAONNÚIL SA CHOINBHLEACHT**

**TREOIRPHRIONSABAIL**

**NEODRACHAS**

**Míniú:**

**DAONNÚIL**

**Míniú:**

**NEAMHSPLEÁCHAS**

**Míniú:**

**NEAMHCHLAONTACHT**

**Míniú:**

Ajak (34) lena mac Ngor (8 mí); Awut (48) lena garíníon Nyajima (2), Malek, Stát na Lochanna, An tSúdáin Theas. Grianghraf: Achuoth Deng/ CAFOD/Trócaire.

# **BILEOG OIBRE 4:** An tSúdáin Theas: Cás-staidéar

### Dóchas agus Teacht Aniar

Beirt bhan iad Awut agus Ajak ón tSúdáin Theas a mbíonn an **Teacht Aniar** go smior iontu. Bíonn siad ag streachailt gach lá leis an saol, le hairgead a dhéanamh, le bia a fháil, leis na bunriachtanais a chur ar fáil do na leanaí. Réab an cogadh nach raibh aon suim acu ann, a gcuid saol óna chéile. Sin **éigeartas** an chogaidh.

Bhí an bheirt mar strainséirí dá chéile nuair a díláithríodh iad, agus nuair a cailleadh na fir céile de bharr an chogaidh bhrúidiúil a tharla sa tSúdáin Theas. Marthanóirí atá iontu. Tá **Teacht Aniar** iontu. Bíonn sé deacair ar Awut labhairt faoin am sin. Mheas sí go gcaillfí í féin agus a paistí sa mhongach dainséarach, agus iad ag teitheadh ón gcogadh.

'B'uafásach an t-eispéireas é an teitheadh' a deir sí. 'D'fhulaingíomar ón ocras sa mhongach. Chuamar de shiúl na gcos ar feadh laethanta fada gan bhia, gan uisce. D'itheamar torthaí fiáine. D'at cosa na leanaí. Thángamar chomh fada le Malek agus dúirt mé leo go rabhamar ag teitheadh ón gcogadh.' Mí an Mhárta a bhí ann, an tráth a dtugtar 'na míonna ocracha' orthu. Bhí barra na bliana ídithe, agus gan an barr úr a bheith fásta go fóill. Bhí muintir Malek ar bheagán bhia, ach roinneadar le Awut mar sin féin.

'Chuir muintir na háite fáilte romhainn. Bhronnadar bia agus talamh orainn. Tháinig Trócaire (i gcomhar le páirtí áitiúil) agus bhronnadar cabhair agus tacaíocht orainn. D'athraíodh an saol orainn. Bhronn páirtí Trócaire síolta orm, agus is féidir liom mo bharraí féin a chur. Bím ag saothrú go dian le freastal ar an gclann. Chabhraigh páirtí Trócaire linn comhar coigiltis agus iasachtaí a bhunú. Cuireann mná an tsráidbhaile airgead ann gach mí. Cabhraíonn sé go mór linn.''

Bíonn Trócaire ag obair san áit seo in éineacht le heagras eaglasta ar a dtugtar Caritas Deoise Rumbek (CDOR). Is gné thábhachtach d'obair trócaire sa tSúdáin Theas é an **cur chuige comhpháirtíochta**. Tá CDOR ag obair le breis agus cúig bliana déag in Oirthear Yirol agus, mar eagras eaglasta ar nós Trócaire, glacann gach aicme na coinbhleachta leo.

Thosaigh Awut ar shaol nua a chaitheamh i measc an phobail fháiltigh seo ina gcuirtear tacaíocht ar fáil dóibhsean a bhíonn ag teitheadh ón gcogadh agus ón bhfulaingt. Bhí deis luath aici an grá agus an tacaíocht a roinnt le daoine eile. B'as Malek ó

thús do Ajak, ach bhí uirthi a fear céile a leanúint timpeall na tíre chomh maith le cúram leighis a lorg dó i Juba, an phríomhchathair agus an ceann is mó sa tSúdáin Theas.

Nuair a tháinig Ajak ar ais go Malek bhí sí ag tabhairt aire d'ochtar clainne agus don fhear céile a bhí go dona tinn. Thuig Awut go raibh an deis aici cabhair a thabhairt do Ajak de réir mar a cabhraíodh léi féin.

'Chuir sí fáilte romhainn agus lóistín ar fáil dúinn in aice léi,' arsa Ajak. 'Roinn sí na plátaí agus na huirlisí liom an chéad lá. Bhronn sí bia orainn le socrú isteach. Ní raibh faic agam féin. Chabhraigh sí liomsa agus leis an gclann.'

Ba ó chúlra agus ó cheantair éagsúla do Awut agus Ajak ach tharraing uafás an chogaidh lena chéile iad.

'Táim thar a bheith buíoch di,' a deir Ajak. 'D'ardaigh sí mé nuair ba ghá leis, nuair a bhí m'fhear céile go dona tinn, nuair nach raibh rud ar bith agam féin. Chuir sí lóistín agus bia ar fáil dúinn go dtí go raibh ar mo chumas seasamh ar mo bhoinn féin. Roinnimid cuid mhaith anois. Suímid síos ag plé cúrsaí an tsaoil lena chéile. Nuair a bhíonn sise thíos leis, tugaim ardú meanman di, agus ise mar an gcéanna. Cabhraímid lena chéile in am an ghátair.

Aontaíonn Awut léi, agus ceapann sí gur chiallaigh tiomantas mhuintir Malek cabhair a sholáthar dá chéile, go bhféadfaidís teacht slán ón gcoinbhleacht. 'Roinnimid agus déanaimid gach rud lena chéile,' a deir sí. 'Bímid ag feirmeoireacht lena chéile le deimhniú gur féidir linn aire a thabhairt don chlann.'

Tugann Trócaire agus CDOR, síolta, uirlisí, agus fothain do mhuintir Malek. Thugadar deis do dhaoine mar Ajak agus Awut an saol a atógáil, ach tá dúshláin rompu go fóill. 'Oibrímid go dian, ach bíonn deacrachtaí ann nuair nach dtagann an bháisteach,' a deir Ajak. 'Déanaim mo dhícheall, ach ní bhíonn sé ar acmhainn i gcónaí agam íoc as na fiacha scoile, na bróga, an éide scoile agus as na riachtanais eile scoile. Sin an fáth go bhfanann na páistí sa bhaile ón scoil. Bíonn sé deacair leanúint ar aghaidh, ach táim dóchasach as todhchaí na leanaí.'

## Ceisteanna:

1) Cad iad na luachanna atá le sonrú sa chás-staidéar seo?
2) Cén tionchar sainiúil a bhíonn ar na páistí?
3) Cad iad na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le Trócaire a bheith ag obair le heagrais áitiúla ar nós CDOR?
4) An bhfuil ceart ag Trócaire agus NGOanna idirghabháil a dhéanamh i gcoinbhleachtaí ar nós an chinn sa tSúdáin Theas? Tabhair smaointe ar son/in aghaidh na hidirghabhála.
5) Is féidir go dtarlódh scéal Awut, Ajak agus muintir na Súdáine Theas, áit ar bith ar domhan. An féidir leat áiteanna i mbaile nó i gcéin inar tharla a leithéid a ainmniú?

Planda óg ocra ag fás ar thalamh dhídeanaí sa tSúdáin Theas. Fuarthas síolta, uirlisí is traenáil ó Caritas.

# CUID 4: INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Baineann an mhír seo leis na torthaí foghlama:

| Poblacht na hÉireann (ROI) |
|---|
| **OSSP: 1.2** Pictiúr a chruthú a chuirfidh síos ar ócáid nuair nár léiríodh meas ar an duine; **1.10** Dearctha éagsúla a léiriú ar ócáidí ina mbíonn coinbhleacht na gcearta, nó sárú na gcearta |
| **Oideachas Reiligiúnach: 1.10** Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus idirphlé i measc reiligiúin mhóra an domhain, agus ar an taobh istigh de na reiligiúin sin a chuireann an tsíocháin agus an t-athmhuintearas ar aghaidh inniu ar domhan |
| **An Pholaitíocht agus an tSochaí: 6.1** Cearta sa domhan leathan; **6.2** Argóintí maidir le cearta sa domhan leathan; **6.3** Comhoibriú idirnáisiúnta agus Cearta an Duine |
| **Tuaisceart Éireann (NI)** |
| **LLW – Saoránacht Áitiúil agus Domhanda:** Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le hardchaighdeán chearta an duine i sochaithe daonlathacha an lae inniu; freastal ar bhunriachtanais an phobail, daoine indibhidiúla agus grúpaí a chosaint. Déan scrúdú ar ócáidí áitiúla agus domhanda nuair a sáraíodh cearta an duine go mór |
| **Oideachas Reiligiúnach KS3: 2** Déan taighde maidir leis an tionchar atá ag an chlaontacht agus ag an seicteachas ar ár gcuid roghanna agus maidir leis na bealaí ina bhféadfadh an dialóg, an gníomhú agus an fhor-rochtain, cabhrú leis an athmhuintearas a chruthú. |

## GNÍOMHAÍOCHT 10: Réiteach Coinbhleachta

Má bhíonn coinbhleacht ann, is dosheachanta an rud é a rá go ndéanfar iarrachtaí an choinbhleacht a réiteach agus an tsíocháin a chur i bhfeidhm arís. Glacfaidh eagraíochtaí áirithe páirt i gcainteanna leis an tsíocháin a chur i bhfeidhm.

Roghnaigh dhá chás coinbhleachta (seachas An tSúdáin Theas) agus déan taighde i ngrúpaí beaga maidir leis na hiarrachtaí Réiteach Coinbhleachta a rinneadh, bunaithe ar na ceisteanna seo:

1) Cad ba chúis leis an gcoinbhleacht?
2) Cé a ghlac páirt ann?
3) Cé chomh fada agus a lean sé? (An bhfuil an choinbhleacht ar siúl go fóill?)
4) Cé a bhí bainteach le hiarrachtaí réiteach na coinbhleachta éagsúla (go háitiúil, náisiúnta, go hidirnáisiúnta)?
5) Ar shíníodh comhaontaithe móra síochána?
6) Conas mar a ghlac na Náisiúin Aontaithe (NA) páirt?
7) An raibh gníomhaireachtaí seachtracha eile páirteach?
8) Ar éirigh leis na hiarrachtaí ar son na síochána, an dóigh leat? Tabhair samplaí a mhíneoidh an freagra.

Láithreacha Coinbhleachta: Tuaisceart Éireann; Iosrael/An Phalaistín; An Iar-Iúgslaiv (An Bhoisnia/Cosaiv); Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Ruanda. Tá go leor eile ann.

# GNÍOMHAÍOCHT 11: Tionchar na Coinbhleachta ar Chearta

### Céim 1

Nuair a tharlaíonn coinbhleacht ar nós na Súdáine Theas, mar shampla, is iad na daoine is leochailí is mó a bhíonn thíos leis. I 2015, ba í An tSúdáin Theas an 195ú tír a dhaingnigh Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh. Ag tagairt don mhéid a d'fhoghlaim na scoláirí, agus ag díriú ar cheithre cheart Bhileog Oibre 5, freagair an cheist: Cén tionchar a bhí ag an gcoinbhleacht sa tSúdáin Theas ar na leanaí?

### Céim 2

Mí na Nollag 1986, d'fhógair Comhthionól Ginearálta NA, **Ceart na Forbartha** do chách. Ar Bhileog Oibre 5, déan an tionchar a bhí ag coinbhleacht na Súdáine Theas ar na ndaoine maidir leis an gceart seo a chur i bhfeidhm, a mheas. Bain úsáid as an ábhar atá ann go dtí seo, agus as aon eolas ábhartha eile.

# GNÍOMHAÍOCHT 12: Fócas ar Chomhairle Slándála NA

Roinn an rang i sé fhoireann díospóireachta, 4/5 dalta ar an bhfoireann. Déan péirí foirne a chur le chéile agus bronn tairiscint díospóireachta orthu. Beidh taobh amháin ar son na hargóinte, agus an taobh eile ina aghaidh. Tabhair go leor ama dóibh le taighde a dhéanamh ar Chomhairle Slándála NA, ar ionadaíocht na hÉireann ar an gComhairle fadó, agus ionadaíocht úr ag tosú ar 01/01/2021. Cuireann siad argóint le chéile.

Is féidir an chuid sin a bheith mar obair ranga nó mar obair bhaile. Is féidir daltaí sinsearacha, nó oidí eile a bheith mar mholtóirí. Féach an Teimpléad don Díospóireacht ar Bhileog Oibre 6.

### Na Rúin don Díospóireacht:

1) Gur theip ar Chomhairle Slándála NA an bunchuspóir atá acu an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil.

2) Ní féidir le tír bheag ar nós na hÉireann a bheith mar bhall éifeachtach de Chomhairle Slándála NA.

3) Ní fhreastalaíonn Comhairle Slándála NA ach ar na tíortha atá mar na cúig bhall bhuana.

### Conas Díospóireacht a Reáchtáil:

Tá bealaí éagsúla lena leithéid a dhéanamh. Bain úsáid as pé leagan amach is mian leat, nó is féidir an fhormáid thíos a úsáid maidir le díospóireacht sa seomra ranga.

- Cuir an topaic agus na rúin os a gcomhair.
- Bíodh rúin ag gach aon fhoireann, cuid ar son, cuid in aghaidh an rúin.
- Bíodh go leor ama sa bhaile nó ar scoil ag na foirne le taighde a dhéanamh faoin rún.
- Tosaigh an díospóireacht.
- Tugann an grúpa ar son an rúin, an argóint tosaigh. (3 nóim.)
- Tugann an grúpa in aghaidh an rúin an argóint ansin. (3 nóim.)
- Ansin ullmhaítear coimriú agus bréagnú. (5 nóim.)
- Tugann an grúpa in aghaidh an rúin an coimriú agus bréagnú. (3 nóim.)
- Tugann an grúpa ar son an rúin, an coimriú agus bréagnú ansin. (3 nóim.)
- Roghnaigh mar bhuaiteoirí, an dream ba láidre a rinne an argóint. (Is féidir córas níos casta a úsáid agus pointí a bhronnadh ar ghnéithe na hargóinte más maith libh.)

# GNÍOMHAÍOCHT 13: Réiteach Coinbhleachta sa tSúdáin Theas

### Céim 1: Amlíne

Bain úsáid as an eolas atá san acmhainn seo, chomh maith le heolas ón taighde, le hamlíne mionsonraithe a chruthú maidir leis an gcoinbhleacht sa tSúdáin Theas ó bhunú an náisiúin sa bhliain 2011. Bíodh tagairt ann d'iarrachtaí réiteach na coinbhleachta agus do na rannpháirtithe a bhí bainteach leo.

### Céim 2: Ról an Reiligiúin i Réiteach Coinbhleachta sa tSúdáin Theas

Bain úsáid as Bileog Oibre 7. Leigh an t-ábhar faoi ról Chomhairle Eaglaisí na Súdáine Theas maidir leis an réiteach coinbhleachta sa tSúdáin Theas. Ansin freagair na ceisteanna.

# BILEOG OIBRE 5: Cearta sa tSúdáin Theas

**Airteagal 6:** Cearta marthanachta agus forbartha

**Tionchar:**

**Airteagal 31:** Cearta sosa, fóillíochta, agus súgartha

**Tionchar:**

**Airteagal 14:** Cearta saoirse smaointí, coinsiasa, agus creidimh

**Tionchar:**

**Airteagal 19:** Cearta cosanta ar fhoréigean fisiceach nó intinne, agus ón ngortú, ón bhfaillí, ón drochíde

**Tionchar:**

uncrc

Declaration on the Right to Development

**Airteagal 1:** Tá an ceart ar an bhforbairt mar cheart doshannta ag gach aon duine

**Tionchar:**

**Airteagal 3:** Tá dualgas ar an stát a chinntiú gur féidir leis an bhforbairt tarlú

**Tionchar:**

**Airteagal 6:** Tá dualgas ar an stát, gach bac a bheadh roimh an fhorbairt a bhaint

**Tionchar:**

**Airteagal 8:** Tá dualgas ar an stát comhionannas rochtain a bheith ag cách ar acmhainní bunúsacha agus ar sheirbhísí

**Tionchar:**

# BILEOG OIBRE 6: Teimpléad don Díospóireacht

**An Rún:**

**Cén taobh lena mbainim?**

**Argóint ar son an rúin** ☐

**Argóint in aghaidh an rúin** ☐

**Foireann:**

**Argóint thosaigh:**

**Bréagnú agus Coimriú:**

**Taighdeoirí:**

**Eochairphointí don argóint tosaigh:**

- 
- 
- 
- 
- 

**Nótaí ón argóint chontrártha:**

**Eochairphointí bhréagnú agus coimriú:**

- 
- 
- 
- 
- 

# BILEOG OIBRE 7: Ról an Reiligiúin i Réiteach Coinbhleachta sa tSúdáin Theas

Tá Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas (SSCC) mar fhoras éacúiméineach seacht n-eaglais Críostaí.

Bíonn deis mhaith ag na páirtithe seo maidir le tógáil na síochána agus idirghabháil dhaonnúil a dhéanamh toisc go bhfuil muinín ag an bpobal áitiúil astu. Ceann de na spriocanna is mó atá acu ná an tsíocháin a chur chun cinn agus idirphlé na coinbhleachta a mholadh i gcónaí. Tá meas ag gach taobh na coinbhleachta ar an Eaglais Chaitliceach agus ar na heaglaisí Críostaí i gcoitinne. Tugann sé sin údarás don eaglais ó thaobh rochtain, clárú agus dialóg. Léiríodh a leithéid ag an gcúrsa spioradálta a reáchtáil an Vatacáin sa bhliain 2019, agus an Pápa Proinsias mar óstach air. Bhí Ardeaspag Canterbury, ceannairí Eaglaise na hAlban ann, Uachtarán agus Leas-Uachtaráin mholta na Súdáine Theas ann. Bhain An Pápa Proinsias stad as cách i rith an chruinnithe nuair a phóg sé cosa cheathrar ceannaire na Súdáine Theas, cé go raibh sé deacair dó an cromadh a dhéanamh de bharr tinnis. Bhí na daoine seo mar namhaid dá chéile i rith na coinbhleachta. Duine eile a bhí i láthair ná an tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí an SSCC.

Tuigeann an tAthair James go maith na dúshláin agus an dóchas a bhaineann leis an tír is nuaí ar domhan, agus iad ag druidim le comóradh deich mbliana chruthú na tíre mar phoblacht neamhspleách.

Is é guí an Athair James gur féidir le pobail agus le muintir na tíre maireachtáil go síochánta lena chéile. Is é an bhuairt is mó atá air ná go gcuirfear tús leis an troid athuair. Creideann sé go gcaithfidh cách a bheith ullamh obair dhian a dhéanamh ar son na síochána.

Labhraíonn sé mar gheall ar dhrochthionchar na coimhlinte agus an Covid-19 ar leanaí na Súdáine Theas:

'Is íospartaigh iad na leanaí. Guím go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí, lá de na laethanta seo, ach is glúin chaillte an t-aos óg go fóill. Bhí drochthionchar ag an gcogadh orthu, ag an gcoinbhleacht agus ag an gCovid-19.

Tá na leanaí ag fulaingt, ní fhreastalaíonn siad ar an scoil. Dúnadh na scoileanna ionas nach scaipfí

An tAthair James Oyet Latansio, Ard-Rúnaí, Comhairle Eaglaisí na Súdáine Theas (SSCC). Grianghraf: SSCC

an Covid-19 agus níl an t-idirlíon forleathan go leor le gur féidir leo foghlaim ar líne. Déantar iarracht ceachtanna a chraoladh ar raidió, ach níl go leor raidiónna ann. Is uafásach an scéal é. Is íospartaigh iad na leanaí. Bhí drochthionchar ag na cúrsaí seo orthu. Ní fheadar cad a tharlóidh sa todhchaí, ach caithfear a bheith dóchasach!'

Tá an-mheas ar an Eaglais sa tSúdáin Theas. Deir an tAthair James gur ghné thábhachtach de shaol na ndaoine é an creideamh. Bíonn baint ag na heaglaisí leis an iarracht an tsíocháin a chothú i measc na ndaoine, ó leibhéal an phobail suas go barr an rialtais. Tugann na heaglaisí áitiúla na pobail le chéile, agus cruthaítear cruinnithe neodracha ionas gur féidir teacht ar réiteach neamhfhoréigneach ar an gcoinbhleacht.

Deir an tAthair James chomh maith gur iontach an rud é a bheith ag comhoibriú le Trócaire, a gcomhpháirtithe. Tugann an comhoibriú deis feabhsaithe dóibh dul i bhfeidhm ar an bpobal agus freastal ar a gcuid riachtanas. Tugann Trócaire traenáil sna bealaí is fearr feirmeoireachta do na teaghlaigh i Yirol. Cuireann siad uisce ar fáil dóibh, agus déanann siad na mná is na cailíní ar imríodh foréigean orthu, a chumhachtú.

## Ceisteanna:

1) Cad is brí leis an bhfocal 'éacúiméineach'?
2) Cén fáth go mbeadh sé tábhachtach an SSCC a bheith mar eagras éacúiméineach?
3) Ainmnigh dhá bhealach ina ndearna an SSCC, agus an reiligiún leathan, iarrachtaí réiteach coinbhleachta sa tSúdáin Theas.
4) Cén fáth go ndearna An Pápa Proinsias cosa cheannairí na Súdáine Theas a phógadh ag an gcúrsa spioradálta sa Vatacáin i 2019?
5) Dar leis an Athair James, cén tionchar a bhí ag an gcoinbhleacht ar na leanaí?
6) Cén fáth go mbeadh buntáistí nó míbhuntáistí ag na heagrais chreidimh i gcomparáid le forais eile ar nós na NA, AE nó an tAontas Afracach?

# CUID 5: GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE 2021

## GNÍOMHAÍOCHT 14:
## Cruthaigh do Chluiche Féin

Cuir na ceisteanna seo ar na daltaí:

- **Cén sórt cluichí a imríonn sibh?**
  Freagraí samplacha: cluichí físe, cluichí cláir, cluichí cártaí
- **Cad iad comhpháirteanna na gcluichí sin?**
  Freagraí samplacha: clár, cártaí, dísle, licíní, pinn, amadóir, luchóg, rialtán
- **Cad is ainm do na cluichí a imríonn sibh?**
  Freagraí samplacha: Snap, Scrabble, Snakes & Ladders, Playstation
- **Cad iad téamaí na gcluichí sin?**
  Freagraí samplacha: cogadh, airgead, stair, spórt

Cruthaigh do chluiche féin a bheadh bunaithe ar obair Trócaire maidir leis an Oideachas Forbartha.

- Cuir na daltaí ina 4/5.
- Déan ransú smaointe ar théamaí an chluiche.
- Nuair a bhíonn tuairimí acu, cuiridís na ceisteanna seo orthu féin:

**Téama/comhthéacs:** Cad é teachtaireacht an chluiche?

**Dinimic:** Cad atá ag tarlú sa chluiche faoi láthair? (briathra agus gníomhartha)

**Meicnic:** Cad iad rialacha an chluiche? (sonraí, teorainneacha)

**Comhpháirteanna:** Cad iad na hábhair atá ann, ábhar coincréiteacha, acmhainní a bheadh riachtanach? (m.sh. cártaí, dísle, licíní, pinn, clár)

**Físigh:** Amharciobaíochtaí (dath, dearadh, íomhánna, téacs)

### Measúnú chun Foghlama

Tabhair cuireadh do na daltaí:

- Tástáil imeartha an chluiche a dhéanamh le daltaí eile, le cairde, nó sa bhaile.
- Marc as deich a thabhairt do chluichí a chéile.
- Dhá réalta agus guí a bhronnadh – dhá rud dheimhneacha a rá faoi chluiche an duine eile agus rud amháin a lua a chuirfeadh feabhas air.

Éisteadh na daltaí leis an aiseolas, déanaidís deasú ar a gcluichí féin agus ansin déan an tástáil imeartha arís!

# TRÓCAIRE GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE

## Cruthaigh Cluiche. Athraigh an Domhan.

**Comórtas do dhaoine óga a chreideann gur féidir an domhan a athrú trí mheán na gcluichí!**

Cruthaigh cluiche a d'imreofá le do mhuintir agus le do chairde, bunaithe ar bhrí aon SFI. Is féidir na formáidí seo a úsáid:

**CLUICHE CLÁIR | CLUICHE CÁRTAÍ | CLUICHE FÍSE**

Caithfidh iarratais a bheith istigh faoi 14 Bealtaine 2021 i gceann de na catagóirí seo:

**Bunscoil Shinsearach** | **Grúpa Óige** | **Iar-bhunscoil**

### Conas a chuirtear isteach ar an gcomórtas?

Is féidir leis an duine aonair, an grúpa nó an rang cluiche a chruthú. Caithfidh gur imir daoine eile an cluiche chomh maith; cairde, do mhuintir, daoine óga ar scoil.

Breis eolais faoi GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE 2021 an clár agus an comórtas, treoir don oide, foirm iontrála, samplaí na mbuaiteoirí roimhe seo ar fáil ag: trocaire.org/gamechangers

# IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA HEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

Tá breis acmhainní oideachas forbartha faoi chearta an duine agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ag: trocaire.org/our-work/educate/post-primary/

**Bí linn ar:**

**Facebook:** facebook.com/trocaireireland – déan teagmháil linn

**Twitter:** twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

**YouTube:** youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leosan

**Vimeo:** vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

**Instagram:** instagram.com/trocaireonline – grianghraif agus físeáin

**Bí i dTeagmháil:**

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F:+353 (0)1 629 3333
R: schools@trocaire.org

Trócaire, Sr. an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. An Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

**www.trocaire.org**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

*Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.*

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: E14